2024/2867

11.11.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/2867 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le cur i láthair lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le táirgeadh orgánach agus lipéadú táirgí orgánacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 834/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 33(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 na samhlacha de lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a fhéadfar a úsáid, lena n-áirítear samhail dhubh agus bán. Mar sin féin, ní údaraítear go sainráite samhail bhán agus dubh (claonchló) atá go hiomlán inbhéartaithe, cibé acu imlíne teormharcála a bheith nó gan bheith timpeall an lógó. Ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 go n-údaraítear samhail den sórt sin freisin ós rud é go bhfreagraíonn sé do riachtanas teicniúil ar an láthair.

(2) In Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 tugtar an dath le haghaidh lógó glas an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach leis an dath tagartha sa chairt dathanna Pantone agus sa tsamhail dathanna CMYK, ina n-úsáidtear ceithre phláta dúigh – cian, maigeanta, buí agus eochair (dubh). An tagairt choibhéiseach sa tsamhail dathanna RGB ina n-úsáidtear trí bhundath bhreiseánacha, dearg, glas agus gorm, ba cheart í a sholáthar chun críoch digiteach freisin.

(3) Foráiltear le hIarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 gur féidir imlíne teormharcála a úsáid timpeall an lógó nuair a bhíonn an lógó ar chúlra agus gur deacair é a fheiceáil dá bharr sin. Chun a áirithiú go n-urramaítear toisí an chóimheasa airde/leithid, ba cheart imlíne teormharcála a úsáid i gcónaí nuair a bhíonn an lógó ar chúlra agus gur deacair é a fheiceáil dá bharr sin.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2018/848 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 150, 14.6.2018, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2018/848/oj.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/848 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí 1.2 agus 1.3 :

‘1.2 Is é glas 50/0/100/0 an dath tagartha sa phróiseas CMYK, is é Uimh. 376 an dath tagartha sa chairt dathanna Pantone agus is é 169/201/56 an dath tagartha sa tsamhail dathanna RGB.

1.3 Féadfar lógó an Aontais Eorpaigh maidir le táirgeadh orgánach a úsáid freisin faoi dhath dubh agus bán mar a thaispeántar thíos, nó faoi dhath bán agus dubh atá go hiomlán inbhéartaithe (i bhformáid chlaonchló), ach ní féidir sin ach i gcás nach bhfuil sé indéanta an an tsamhail dathanna a úsáid, agus sa chás sin amháin:



’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1.5:

‘1.5 Más rud é go n-úsáidtear lógó ar chúlra, agus gur deacair é a fheiceáil dá bharr sin, úsáidfear imlíne teormharcála timpeall an lógó chun an chodarsnacht leis an gcúlra a fheabhsú.’.